Department of
Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN
Oideachais
MÀNNYSTRIE O
Lear

Teach Ráth Giall,
Bóthar Bhaile Aodha
Beannachar
BT19 7PR

Chuig: Príomhoidí Scoileanna Deontaschúnta
Cathaoirligh na mBord Gobharnóirí

27 Samhain 2009

A Chomhghleacaí dhil

SEACHADADH AN CHURACLAIM LEASAITHE AGUS LÁIMHSEÁIL GEARÁN Ó THUISMITHEOIRÍ AGUS Ó PHÁIRTITHE LEASMHARA EILE

Is é is cúis leis an litir seo lena chur in iúl do Bhoird Ghobharnóirí an dualgas atá orthu an curaclam leasaithe a sheachadadh agus le cinnte a dhéanamh de go mbíonn socruithe i bhfeidhm maidir leis an Bhinse um Gearáin faoin Churaclam.

Seachadadh an Churaclaim Leasaithe

Tá an curaclam leasaithe anois i bhfeidhm le haghaidh gach bliainghrúpa ón bhun go hEochairchéim 4 agus ní mór do gach scoil dheontaschúnta, de réir an dlí, cinnte a dhéanamh de go seachadtar an curaclam de réir na reachtaíochta cuí. Mar is eol duit, cuireadh an curaclam le chéile le cinnte a dhéanamh de go mbíonn deis ag ár ndaoine óga oideachas leathan agus cothrom a fháil trí theagasc agus fhoghlaim a bhfuil fócas soiléir aige ar chaighdeáin a ardú sa litearthacht agus san uimhearthacht agus oideachas a ligeann do dhaoine óga a gcuid eolais agus scileanna a fhorbairt (lena n-

áirítear scileanna traschuraclaim agus scileanna eile) i ngach réimse den léann atá sainaitheanta de réir an dlí.

Tá dualgais faoi leith Bhoird Ghobharnóirí maidir leis an churaclam ar fáil in Alt 12 d'Ord 2006 ina soiléirítear go gcaithfidh na Boird Ghobharnóirí ráiteas scríofa ar a bpolasaí i leith an churaclaim a bheith i bhfeidhm, agus go gcaithfear athbhreithniú a dhéanamh air agus é a nuashonrú go rialta. Ní mór cinnte a dhéanamh de fosta go gcuirtear cóip den pholasaí i leith an churaclaim (agus cóipeanna de nuashonruithe ar bith a d'fhéadfadh a bheith déanta ar an pholasaí sin ina dhiaidh) chuig an Bhord Oideachais agus Leabharlainne áitiúil agus, leis, i gcás scoileanna Caitliceacha faoi chothabháil, chuig Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil. Ón dáta a bhunófar An tÚdarás um Oideachas agus Scileanna (ESA), beidh sé mar riachtanas gach leasú ar pholasaí na scoile i leith an churaclaim a chur chuig ESA.

Gearáin faoi sheachadadh an churaclaim leasaithe

Tá sé de cheart ag tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile de réir dlí gearán a chlárú má shíleann siad go bhfuil ag teip ar scoil a dualgais reachtúla a chomhlíonadh maidir leis an churaclam leasaithe agus tá sé tábhachtach go ndéanann an Bord Gobharnóirí cinnte de go mbíonn na socruithe cuí i bhfeidhm acu le héisteacht leis na gearáin sin agus le teacht ar chinneadh ar chóir seasamh le gearán nó nár chóir. Bíonn an Roinn ag dúil leis, i mbunús na gcásanna, go réiteofar gearáin ag leibhéal na scoile.

Murar féidir teacht ar réiteach ag leibhéal na scoile, bíonn an nós imeachta atá leagtha amach i gciorclán 1993/1 (Binsí um Ghearáin faoin Churaclam) i bhfeidhm go fóill. Tá sé tábhachtach go gcuimhníonn Bord Gobharnóirí air seo agus nach mór dó, i gcásanna nuair nach mbíonn an gearánaí sásta lena chinneadh faoi ghearán, seoladh Bhinse Um Ghearáin faoin Churaclam do BOL a sholáthar do/di.[1] agus cóip de chiorclán 1993/1 i dteannta le heolas cuí ar bith eile faoi nósanna le gearán a dhéanamh.

Tá sé tábhachtach go dtuigeann scoileanna go bhfuil Rialacháin an Churaclaim (Binse um Ghearáin) (TÉ) 1992 mar a leasaíodh de réir Rialacháin an Churaclaim (Binsí um Ghearáin) (Leasú) (Tuaisceart Éireann) 1997, i bhfeidhm go fóill amhail is go ndearnadh iad de réir Ord 2006.

[1] Is iondúil gurb ionann an seoladh agus seoladh Cheanncheathrú do Bhoird Oideachais agus Leabharlainne áitiúil. Deimhneoidh an tÚdarás um Oideachas agus Scileanna, nuair a bhunófar é, leis an scoil an seoladh atá le húsáid le haghaidh an Bhinse um Ghearáin faoin Churaclam

Má tá ceisteanna ar bith agat faoi ábhar na litreacha seo déan teagmháil le Mrs Kym Cairns, An Fhoireann um Fhorbairt Churaclaim ar 028 91279343.



RUSSEL WELSH

An Fhoireann um Fhorbairt Churaclaim